# 1. Faisnéis faoin Dámhachtain do Thionscadal Amharc-ealaíon

## 1.1 Cuspóirí agus tosaíochtaí na dámhachtana

Tá trí shnáithe sa dámhachtain: Snáithe 1 don Phleanáil agus Réamhléiriúchán; Snáithe 2 don Léiriúchán Meánscála; agus Snáithe 3 don Léiriúchán Mórscála. Molann an Chomhairle Ealaíon d'iarratasóirí a raibh rath orthu faoi Shnáithe 1 cur isteach ar Shnáithe 2 nó ar Shnáithe 3 níos déanaí.
Tá a **chuspóirí agus tosaíochtaí** féin ag gach snáithe:

### Snáithe 1: Pleanáil agus Réamh-Léiriúchán

Is é cuspóir an tsnáithe Pleanála agus Réamhléiriúcháin tacú le healaíontóirí, coimeádaithe, léiritheoirí nó eagraíochtaí atá incháilithe chun pleananna a ullmhú agus a dheimhniú, chomh maith le taighde a dhéanamh ar na pleananna céanna le haghaidh saothar amharc-ealaíne nua agus uaillmhianach a chuirfear i láthair amach anseo. Tacaíonn an snáithe seo le forbairt agus le hullmhúchán tionscadail nó coimisiúin seachas a chur i láthair poiblí nó toradh. Is do chéim thosaigh an tionscadail é Snáithe 1.

**Tabharfar tús áite sa snáithe seo do thograí:**

- A léiríonn acmhainneacht chun tionscadal faoi leith nó toradh coimisiúin a sheachadadh sa todhchaí, agus pleananna tionscadail, amlínte, comhoibrithe agus/nó comhpháirtithe beartaithe a sholáthar
- Ina dtaispeántar pleananna le haghaidh léiriú an tionscadail, a chur i láthair agus a rannpháirtíocht leis na bpobal
- Ina bhforbraítear caidrimh, comhpháirtíochtaí agus comhoibriú d'fhonn tionscadal uaillmhianach faoi leith a chruthú
- Ina bhfaightear cead d'ealaín i spásanna poiblí, i suíomhanna agus in ionaid neamhghnácha
- Ina dtugtar tacaíocht don phróiseas déanta ealaíne, léiriúcháin agus coimisiúnaithe.

### Snáithe 2: Léiriúchán Meánscála

Is é cuspóir an tsnáithe Léiriúcháin Meánscála tacú le táirgeadh agus coimisiúnú tionscadal uaillmhianach sna hamharc-ealaíona, agus béim ar chur i láthair agus ar rannpháirtíocht an phobail. Tabharfar tús áite do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm shonrach acu cur le taithí an phobail ar na hamharc-ealaíona agus a rannpháirtíocht leo. Féadann na tionscadail sin tarlú i spás poiblí, suíomh dánlainne, suíomhanna agus ionaid neamhghnácha nó ar ardáin dhigiteacha. Is do chéim dheireanach an tionscadail é Snáithe 2.

**Tabharfar tús áite sa snáithe seo do thograí:**

- A chruthaíonn agus a chuireann i láthair saothar atá uaillmhianach maidir lena fhís agus a chur i gcrích
- A dhíríonn ar thaithí an phobail ar na hamharc-ealaíona
- A dhéanann coimisiúin, comhshaothair agus comhpháirtíochtaí ealaíne ar an meánscála
- A chuireann amharc-ealaín i láthair don phobal i suíomhanna malartacha agus nuálacha.

### Snáithe 3: Léiriúchán Mórscála

Is é cuspóir an tsnáithe Léiriúcháin Mórscála tacú le táirgeadh agus coimisiúnú tionscadal uaillmhianach sna hamharc-ealaíona, agus béim ar chur i láthair agus ar rannpháirtíocht an phobail. Tabharfar tús áite do thionscadail a bhfuil sé mar aidhm shonrach acu cur le taithí an phobail ar na hamharc-ealaíona agus a rannpháirtíocht leo. Féadann na tionscadail sin tarlú i spás poiblí, suíomh dánlainne, suíomhanna agus ionaid neamhghnácha nó ar ardáin dhigiteacha. Is do chéim dheireanach an tionscadail é Snáithe 3.

**Tabharfar tús áite sa snáithe seo do thograí:**

- A chruthaíonn agus a chuireann i láthair saothar atá uaillmhianach maidir lena fhís agus a chur i gcrích
- A dhíríonn ar thaithí an phobail ar na hamharc-ealaíona
- A dhéanann ealaín mar thoradh ar choimisiúin, chomhoibriú agus chomhpháirtíochtaí ar mórscála.
- A chuireann amharc-ealaín i láthair don phobal i suíomhanna malartacha agus nuálacha.

Cuireann straitéis deich mbliana na Comhairle Ealaíon (2016–25), *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh: Forbairt na nEalaíon in Éirinn a Threorú* an bonn eolais faoi na dámhachtainí uile (féach anseo: http://www.artscouncil.ie/ga/straiteis-na-comhairle-ealaion/).

## 1.2 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an dámhachtain oscailte d’ealaíontóirí gairmiúla[1] agus cleachtóirí ealaíon (e.g. coimeádaithe, léiritheoirí) atá ag obair sna seánraí go léir agus ag gach céim dá ngairmréim. Tá sé oscailte d’eagraíochtaí nach bhfuil maoinithe ag an gComhairle Ealaíon faoi láthair trína cuid clár deontas freisin.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór d’iarratasóirí:

[1] Sainmhíníonn an Chomhairle Ealaíon ealaíontóir ‘gairmiúil’ mar dhuine a chuireann síos air féin mar ealaíontóir gairmiúil cleachtach, agus a aithnítear mar sin i measc a phiaraí. Ní gá don iarratasóir a shlí bheatha a dhéanamh go heisiach trína chleachtas ealaíon.

a. Íomhánna socra: deich n-íomhá shocra ardchaighdeáin ar a mhéad (e.g. íomhánna sonraithe agus seatanna suiteála, etc.)
b. Íomhánna gluaisteacha/ábhar físe/taifeadtaí: trí phíosa ar a mhéad as íomhánna gluaisteacha/saothar físe/taifeadtaí (samplaí trí nóiméad) mar aon le míniú orthu
c. Samplaí ábhartha scríbhneoireachta/léirmheasanna/bróisiúir/ailt – deich leathanach ar a mhéad (cuir teorainn le méid comhaid na mbróisiúr)
d. Fianaise ar dhuaiseanna/ar ghradaim
e. Cineálacha eile cáipéisí a mheasann tú a bheith ábhartha do do thogra (trí leathanach ar a mhéad).

**Iarratais faoi Shnáithe 2: Léiriúchán Meánscála nó Snáithe 3: Léiriúchán Mórscála:**

1. Beathaisnéisí nó CVanna atá cothrom le dáta (trí leathanach ar a mhéad) i gcomhair na bpríomhealaíontóirí agus an phearsanra a bheidh páirteach sa togra beartaithe.
2. Litreacha/ríomhphoist tacaíochta agus/nó cóipeanna de mheabhráin tuisceana ina sonraítear comhoibriú, comhpháirtithe léiriúcháin, iona(i)d léiriúcháin agus/nó ina ndeimhnítear aon ghealltanais ioncaim, idir airgead tirim nó ioncam comhchineáil, i leith an togra.
3. Samplaí de shaothair roimhe seo atá ábhartha don tionscadal atá beartaithe. Ba cheart an obair a lipéadú go soiléir agus a chur isteach mar aon le nóta gairid maidir le comhthéacs gach sampla.

   Féach ar Rannán 2.3 maidir leis na **formáidí comhad a nglactar leo** chun tuilleadh eolais a fháil air sin.

   Ag brath ar an gcineál togra atá ann, d'fhéadfadh sé go mbeadh na nithe seo i leanas i gceist le samplaí:

   a. Íomhánna socra: deich n-íomhá shocra ardchaighdeáin ar a mhéad (e.g. íomhánna sonraithe agus seatanna suiteála, etc.)
   b. Íomhánna gluaisteacha/ábhar físe/taifeadtaí: trí phíosa ar a mhéad as íomhánna gluaisteacha/saothar físe/taifeadtaí (samplaí trí nóiméad) mar aon le míniú orthu
   c. Samplaí ábhartha scríbhneoireachta/léirmheasanna/bróisiúir/ailt – deich leathanach ar a mhéad (cuir teorainn le méid comhaid na mbróisiúr)
   d. Fianaise ar dhuaiseanna/ar ghradaim

